2025/1482

28.10.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/1482 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Iúil 2025

lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na truailleáin orgánacha mharthanacha éitear teitreabrómaidhéfheinile, éitear peinteabrómaidhéfheinile, éitear heicseabrómaidhéfheinile, éitear heipteabrómaidhéfheinile agus éitear deacabrómaidhéfheinile

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/1021, cuirtear chun feidhme gealltanais an Aontais faoi Choinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha ([2]) ('an Coinbhinsiún') agus faoin bPrótacal a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha ([3]).

(2) De bhun Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2019/1021, tá toirmeasc, faoi réir Airteagal 4 den Rialachán sin, ar shubstaintí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid, bídís leo féin, i meascáin nó ina n-earraí.

(3) Liostaítear éitear teitreabrómaidhéfheinile (tetraBDE), éitear peinteabrómaidhéfheinile (pentaBDE), éitear heicseabrómaidhéfheinile (hexaBDE), éitear heipteabrómaidhéfheinile (heptaBDE) agus éitear deacabrómaidhéfheinile (decaBDE) (i dteannta a chéile 'éitir dhéfheinile pholabróimínithe', 'PBDE liostaithe') in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 ag a bhfuil teorainnluach 500 mg/kg maidir le rianéilleáin neamhbheartaithe (RÉNB) le haghaidh shuim thiúchaintí na gcúig shubstaint i gcás ina bhfuil siad i meascáin nó in earraí. Tá an teorainnluach RÉNB faoi réir athbhreithniú ón gCoimisiún.

(4) Le Rialachán (AE) 2022/2400 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), laghdaítear an teorainn tiúchana i ndramhaíl maidir le suim tetraBDE, pentaBDE, hexaBDE, heptaBDE agus decaBDE go 500 mg/kg ón 10 Meitheamh 2023, go 350 mg/kg ón 30 Nollaig 2025 agus go 200 mg/kg ón 30 Nollaig 2027.

(5) Cuireadh deireadh de réir a chéile den chuid is mó le PBDE a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid san Aontas. Mar gheall ar ghníomhaíochtaí athchúrsála san am a chuaigh thart agus san am i láthair, áfach, bíonn na substaintí ann i dtáirgí a dhéantar as ábhair aisghafa, lena n-áirítear táirgí don phobal i gcoitinne.

(6) Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar tháirgí cúraim leanaí agus ar bhréagáin i bhfianaise nochtadh féideartha do PBDE liostaithe atá iontu. Chun aghaidh a thabhairt ar an gcás ina bhféadfadh PBDE liostaithe a bheith ann go neamhbheartaithe i dtáirgí cúraim leanaí agus i mbréagáin a mhonaraítear as ábhar aisghafa, tá údar maith le teorainnluach rianéilleán neamhbheartaithe a shocrú maidir leo.

([1]) IO L 169, 25.6.2019, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1021/oj.
([2]) Coinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha (IO L 209, 31.7.2006, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/2006/507/oj).
([3]) Prótacal a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha (IO L 81, 19.3.2004, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/prot/2004/259/oj).
([4]) Rialachán (AE) 2022/2400 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena leasaítear Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (IO L 317, 9.12.2022, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2400/oj).

(7) Agus cuspóir Rialachán (AE) 2019/1021 á chur san áireamh, is é sin sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar thruailleáin orgánacha mharthanacha trí thoirmeasc, céimniú amach a luaithe is féidir, nó srianadh a dhéanamh ar a monarú, ar a gcur ar an margadh agus ar a n-úsáid, ós rud é go dtarlaíonn PBDE liostaithe go príomha i dtáirgí ó ábhair aisghafa, agus an teorainn ar bhrath modhanna ábhartha cinnidh, ba cheart teorainnluachanna éagsúla RENB a shocrú le haghaidh meascán agus earraí atá déanta as ábhar aisghafa a liostaítear ina bhfuil PBDE agus meascáin agus earraí eile, nó ina bhfuil ábhar athshlánaithe den sórt sin. Ba cheart ábhair teagmhála bia atá faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) a eisiamh ón Rialachán seo mar, i bprionsabal, níor cheart PBDE liostaithe a bheith in ábhair teagmhála bia i gcomhréir le Rialacháin (AE) Uimh. 10/2011 ([6]) agus (AE) 2022/1616 ón gCoimisiún ([7]).

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1021 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le hábhair agus earraí atá ceaptha teacht i dteagmháil le bia agus lena n-aisghairtear Treoracha 80/590/CEE agus 89/109/CEE (IO L 338, 13.11.2004, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/1935/oj).

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2011 maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia (IO L 12, 15.1.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/10/oj).

([7]) Rialachán (AE) 2022/1616 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2022 maidir le hábhair phlaisteacha athchúrsáilte agus earraí plaisteacha athchúrsáilte atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bianna, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 282/2008 (IO L 243, 20.9.2022, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/1616/oj).

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 mar a leanas:

(1) i gCuid A, sa tábla, san iontráil 'Éitear teitreabrómaidhéfheinile $C_{12}H_6Br_4O$', cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2 sa cheathrú colún:

'2. Chun críocha na n-iontrálacha maidir le tetra-, penta-, hexa- agus decaBDE, beidh feidhm ag pointe (b) d'Airteagal 4(1) maidir leis an tsuim seo a leanas de thiúchaintí na substaintí sin:

(a) 10 mg/kg ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo i gcás ina bhfuil siad i meascáin nó in earraí, seachas ábhair teagmhála bia faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*);

(b) de mhaolú ar phointe (a), 500 mg/kg ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, 350 mg/kg ón 30 Nollaig 2025 agus 200 mg/kg amhail 30 Nollaig 2027 i gcás ina bhfuil siad i meascáin nó in earraí ina bhfuil ábhar aisghafa nó atá déanta as ábhar aisghafa ina bhfuil tetra-, penta-, hexa-, hepta- nó decaBDE, seachas ábhair teagmhála bia atá faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004;

(c) de mhaolú ar phointe (a), 500 mg/kg ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, 350 mg/kg ón 30 Nollaig 2025 agus 10 mg/kg ón 17 Bealtaine 2027, i gcás ina bhfuil siad i mbréagáin atá faoi réir Threoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**), nó in aon táirge lena n-éascaítear suíocháin codladh, scíthe, sláinteachas, athrú agus cúram ginearálta coirp, beathú, diúlú, iompar agus cosaint do leanaí, ina bhfuil ábhar aisghafa ina bhfuil tetra-, penta-, hexa-, hepta- nó decaBDE nó atá déanta as ábhar den sórt sin, seachas ábhair teagmhála bia atá faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004.

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le hábhair agus nithe a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia agus lena n-aisghairtear Treoracha 80/590/CEE agus 89/109/CEE (IO L 338, 13.11.2004, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/1935/oj).

(**) Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le sábháilteacht bréagán, arna leasú go deireanach le Treoir (AE) 2021/903 ón gCoimisiún (IO L 170, 30.6.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/48/oj).';

(2) i gCuid A, sa tábla, san iontráil 'Éitear peinteabrómaidhéfheinile $C_{12}H_5Br_5O$', cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2 sa cheathrú colún:

'2. Chun críocha na n-iontrálacha maidir le tetra-, penta-, hexa- agus decaBDE, beidh feidhm ag pointe (b) d'Airteagal 4(1) maidir leis an tsuim seo a leanas de thiúchaintí na substaintí sin:

(a) 10 mg/kg ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo i gcás ina bhfuil siad i meascáin nó in earraí, seachas ábhair teagmhála bia faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004;

(b) de mhaolú ar phointe (a), 500 mg/kg ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, 350 mg/kg ón 30 Nollaig 2025 agus 200 mg/kg amhail 30 Nollaig 2027 i gcás ina bhfuil siad i meascáin nó in earraí ina bhfuil ábhar aisghafa nó atá déanta as ábhar aisghafa ina bhfuil tetra-, penta-, hexa-, hepta- nó decaBDE, seachas ábhair teagmhála bia atá faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004;

(c) de mhaolú ar phointe (a), 500 mg/kg ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, 350 mg/kg ón 30 Nollaig 2025 agus 10 mg/kg ón 17 Bealtaine 2027, i gcás ina bhfuil siad i mbréagáin atá faoi réir Threoir 2009/48/CE, nó in aon táirge lena n-éascaítear suíocháin, codladh, scíthe, sláinteachas, athrú agus cúram ginearálta coirp, beathú, diúlú, iompar agus cosaint do leanaí, ina bhfuil ábhar aisghafa ina bhfuil tetra-, penta-, hexa-, hepta- nó decaBDE nó atá déanta as ábhar den sórt sin, seachas ábhair teagmhála bia atá faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004.';

(3) i gCuid A, sa tábla, san iontráil 'Éitear heicseabrómaidhéfheinile $C_{12}H_4Br_6O$', cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2 sa cheathrú colún:

'2. Chun críocha na n-iontrálacha maidir le tetra-, penta-, hexa- agus decaBDE, beidh feidhm ag pointe (b) d'Airteagal 4(1) maidir leis an tsuim seo a leanas de thiúchaintí na substaintí sin:

(a) 10 mg/kg ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo i gcás ina bhfuil siad i meascáin nó in earraí, seachas ábhair teagmhála bia faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004;

(b) de mhaolú ar phointe (a), 500 mg/kg ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, 350 mg/kg ón 30 Nollaig 2025 agus 200 mg/kg amhail 30 Nollaig 2027 i gcás ina bhfuil siad i meascáin nó in earraí ina bhfuil ábhar aisghafa nó atá déanta as ábhar aisghafa ina bhfuil tetra-, penta-, hexa-, hepta- nó decaBDE, seachas ábhair teagmhála bia atá faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004;

(c) de mhaolú ar phointe (a), 500 mg/kg ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, 350 mg/kg ón 30 Nollaig 2025 agus 10 mg/kg ón 17 Bealtaine 2027, i gcás ina bhfuil siad i mbréagáin atá faoi réir Threoir 2009/48/CE, nó in aon táirge lena n-éascaítear suíocháin, codladh, scíthe, sláinteachas, athrú agus cúram ginearálta coirp, beathú, diúlú, iompar agus cosaint do leanaí, ina bhfuil ábhar aisghafa ina bhfuil tetra-, penta-, hexa-, hepta- nó decaBDE nó atá déanta as ábhar den sórt sin, seachas ábhair teagmhála bia atá faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004.';

(4) i gCuid A, sa tábla, san iontráil 'Éitear heipteabrómaidhéfheinile $C_{12}H_3Br_7O$', cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2 sa cheathrú colún:

'2. Chun críocha na n-iontrálacha maidir le tetra-, penta-, hexa- agus decaBDE, beidh feidhm ag pointe (b) d'Airteagal 4(1) maidir leis an tsuim seo a leanas de thiúchaintí na substaintí sin:

(a) 10 mg/kg ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo i gcás ina bhfuil siad i meascáin nó in earraí, seachas ábhair teagmhála bia faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004;

(b) de mhaolú ar phointe (a), 500 mg/kg ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, 350 mg/kg ón 30 Nollaig 2025 agus 200 mg/kg amhail 30 Nollaig 2027 i gcás ina bhfuil siad i meascáin nó in earraí ina bhfuil ábhar aisghafa nó atá déanta as ábhar aisghafa ina bhfuil tetra-, penta-, hexa-, hepta- nó decaBDE, seachas ábhair teagmhála bia atá faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004;

(c) de mhaolú ar phointe (a), 500 mg/kg ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, 350 mg/kg ón 30 Nollaig 2025 agus 10 mg/kg ón 17 Bealtaine 2027, i gcás ina bhfuil siad i mbréagáin atá faoi réir Threoir 2009/48/CE, nó in aon táirge lena n-éascaítear suíocháin, codladh, scíthe, sláinteachas, athrú agus cúram ginearálta coirp, beathú, diúlú, iompar agus cosaint do leanaí, ina bhfuil ábhar aisghafa ina bhfuil tetra-, penta-, hexa-, hepta- nó decaBDE nó atá déanta as ábhar den sórt sin, seachas ábhair teagmhála bia atá faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004.';

(5) i gCuid A, sa tábla, san iontráil 'Éitear bis(peinteabrómaifeinil) (éitear deacabrómaidhéfheinile, decaBDE)', cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2 sa cheathrú colún:

'2. Chun críocha na n-iontrálacha maidir le tetra-, penta-, hexa- agus decaBDE, beidh feidhm ag pointe (b) d'Airteagal 4(1) maidir leis an tsuim seo a leanas de thiúchaintí na substaintí sin:

(a) 10 mg/kg ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo i gcás ina bhfuil siad i meascáin nó in earraí, seachas ábhair teagmhála bia faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004;

(b) de mhaolú ar phointe (a), 500 mg/kg ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, 350 mg/kg ón 30 Nollaig 2025 agus 200 mg/kg amhail 30 Nollaig 2027 i gcás ina bhfuil siad i meascáin nó in earraí ina bhfuil ábhar aisghafa nó atá déanta as ábhar aisghafa ina bhfuil tetra-, penta-, hexa-, hepta- nó decaBDE, seachas ábhair teagmhála bia atá faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004;

(c) de mhaolú ar phointe (a), 500 mg/kg ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, 350 mg/kg ón 30 Nollaig 2025 agus 10 mg/kg ón 17 Bealtaine 2027, i gcás ina bhfuil siad i mbréagáin atá faoi réir Threoir 2009/48/CE, nó in aon táirge lena n-éascaítear suíocháin, codladh, scíthe, sláinteachas, athrú agus cúram ginearálta coirp, beathú, diúlú, iompar agus cosaint do leanaí, ina bhfuil ábhar aisghafa ina bhfuil tetra-, penta-, hexa-, hepta- nó decaBDE nó atá déanta as ábhar den sórt sin, seachas ábhair teagmhála bia atá faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004.'.